# Clár an Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| **1.0** | **Réamhrá** | **5** |
| **2.0** | **Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Rúnaithe Cuideachta** | **6** |
| 2.1 | Cad is Rúnaí Cuideachta ann | 6 |
| 2.2 | Ceangaltas maidir le Rúnaí Cuideachta | 6 |
| 2.3 | Cáilíochtaí an Rúnaí Cuideachta | 6 |
| 2.4 | Rúnaí Cuideachta a Cheapadh | 7 |
| 2.5 | Dualgais an Rúnaí Cuideachta | 7 |
| | 2.5.1 Dualgais faoin Reachtaíocht | 7 |
| | 2.5.2 Dualgas maidir le Nochtadh | 8 |
| | 2.5.3 Dualgas Feidhmiú leis an gCúram Cuí, an Scil Chuí agus an Dúthracht Chuí | 9 |
| | 2.5.4 Dualgais Riaracháin | 9 |
| 2.6 | Eolas Breise | 10 |
| 2.7 | Cumhachtaí an Rúnaí Cuideachta | 10 |
| **3.0** | **Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí** | **11** |
| 3.1 | Pionóis maidir le Cionta Coiriúla | 11 |
| | • Pionóis arna bhforchur ag Cúirt | 11 |
| 3.2 | Pionóis Shibhialta | 12 |
| | • Dícháiliúchán | 12 |
| | • Dícháiliúchán sa Ghnáthchúrsa | 12 |
| | • Gealltanas Dícháiliúcháin | 13 |
| | • Srianadh | 13 |
| | • Gealltanas maidir le Srianadh | 13 |
| | • Cuideachta a bhaint den Chlár | 14 |

# 2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Rúnaithe Cuideachta

## 2.1 Cad is Rúnaí Cuideachta ann

Is ionann rúnaí cuideachta agus an duine nó an comhlacht corpraithe a cheapann na stiúrthóirí chun dualgais agus feidhm an rúnaí a chomhlíonadh. Tugtar sainmhíniú maidir le dualgais an rúnaí cuideachta faoi dhlí na gcuideachtaí. Is féidir le bord na stiúrthóirí dualgais breise, ar dualgais riaracháin a bhíonn iontu go hiondúil, a chur leo sin. Dá bhrí sin, is de réir threoir na stiúrthóirí a ghníomhaíonn an rúnaí cuideachta agus is iondúil gurb iad na príomhfheidhmeanna a leagtar orthu maoirseacht a dhéanamh i ndáil le riarachán na cuideachta ó lá go lá agus deimhin a dhéanamh de go háirithe go gcomhlíonann an chuideachta an dlí agus go bhfeidhmíonn sí de réir a cuid rialachán féin.

## 2.2 Ceangaltas maidir le Rúnaí Cuideachta[1]

Tá dlite faoin dlí ar gach cuideachta rúnaí cuideachta a bheith aici. Is féidir an rúnaí cuideachta a bheith ar dhuine de na stiúrthóirí[2]. Sa chás gur taobh le haon stiúrthóir amháin atá cuideachta, ní féidir leis an té sin a bheith in oifig rúnaí na cuideachta[3].

**Ba chóir don té a cheapfaí ina rúnaí cuideachta, ar a cheapadh nó roimh a cheapadh, eolas maith a chur ar na dualgais agus na hoibleagáidí a ghabhann leis an bpost.**

## 2.3 Cáilíochtaí an Rúnaí Cuideachta

Go ginearálta, níl aon cháilíochtaí foirmeálta ag teastáil ó dhuine chun bheith ina rúnaí ag cuideachta phríobháideach. Ina ainneoin sin, tá de dhualgas ar stiúrthóirí gach cuideachta a chinntiú go bhfuil an té a cheaptar ina rúnaí inniúil ar na dualgais a leagtar air nó uirthi faoin reachtaíocht, dualgais eile faoin dlí agus cibé dualgais a tharmligfeadh na stiúrthóirí leis an rúnaí a chomhlíonadh[4].

Ní mór do dhuine, chun bheith incháilithe maidir le feidhmiú mar rúnaí ar CPT, ar a laghad aon cheann amháin de na coinníollacha cáiliúcháin seo a leanas a shásamh[5]:

- go raibh an duine, ar feadh 3 bliana ar a laghad de na 5 bhliana díreach roimh an gceapachán ina rúnaí, in oifig rúnaí cuideachta; nó
- go bhfuil an duine ina c(h)omhalta de chomhlacht atá aitheanta chun críche den sórt sin ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta[6]; nó
- go bhfuil an duine, de bhua a bheith anois nó tráth ar bith roimhe seo in aon phost eile; nó de bhua a bheith ina c(h)omhalta d'aon chomhlacht eile, ar dhuine a mheasann stiúrthóirí an CPT a bheith inniúil ar dhualgais rúnaí cuideachta a chomhlíonadh.

---

1 Alt 129 Acht na gCuideachtaí.

2 Alt 129(1) Acht na gCuideachtaí.

3 Alt 129 (6) Acht na gCuideachtaí.

4 Alt 129 (4) Acht na gCuideachtaí.

5 Alt 1112 Acht na gCuideachtaí.

6 Tá Institiúid na Rúnaithe agus na Riarthóirí Cairte (ICSA) aitheanta ag an Aire chun na críche sin.

**Incháilitheacht**

Sula gceaptar duine ina rúnaí cuideachta, ní mór do na stiúrthóirí a chinntiú go bhfuil an té sin incháilithe maidir le bheith sa phost. Tá daoine áirithe nach bhfuil incháilithe maidir le bheith i bpost rúnaí cuideachta, mar shampla:

- duine atá faoi bhun 18 bliana d'aois[7];
- féimheach neamhurscaoilte[8];
- duine atá dícháilithe ó ghníomhú mar stiúrthóir[9].

## 2.4 Rúnaí Cuideachta a cheapadh

Ní mór an chéad rúnaí ag cuideachta a ainmniú sa ráiteas a chuirtear ar fáil in éineacht leis an mbunreacht don Chláraitheoir ag tráth an chlárúcháin[10]. Bíonn gach ceapachán chun oifig an rúnaí cuideachta ina dhiaidh sin i gcomhréir le bunreacht na cuideachta. Go ginearálta, is iad stiúrthóirí na cuideachta a cheapann an rúnaí ar feadh cibé téarma, ar cibé luach saothair agus de réir cibé coinníollacha a mheasann siadsan a bheith iomchuí; agus is féidir leis na stiúrthóirí aon rúnaí a cheaptar ar an mbealach sin a bhriseadh as an bpost[11]. Toilíonn rúnaí cuideachta leis an gceapachán agus síníonn an rúnaí ráiteas san fhoirm fhorordaithe á rá:

> *"Admhaímse go leagtar, i mo rúnaí dom, dualgais agus oibleagáidí faoin dlí orm de réir Acht na gCuideachtaí, reachtanna eile agus faoin dlí coiteann"*[12].

Is féidir rúnaí cúnta nó leasrúnaí a bheith ag cuideachta a ghníomhódh mar rúnaí sa chás nach mbeadh ar chumas rúnaí feidhmiú nó sa chás go mbeadh oifig rúnaí na cuideachta folamh[13]. Is féidir freisin níos mó ná rúnaí amháin a bheith ag cuideachta, mar shampla, comhrúnaithe[14].

## 2.5 Dualgais an Rúnaí Cuideachta

Is féidir na feidhmeanna agus na dualgais sin a tharmligeann stiúrthóirí na comhlachta a leagan ar an rúnaí cuideachta. De ghrá na héascaíochta i mbun tagartha, déantar dualgais an rúnaí a rangú sna rannóga thíos mar seo a leanas:

- dualgais faoin reachtaíocht;
- dualgas maidir le nochtadh;
- dualgas aire, scil agus dícheall cuí a fheidhmiú, agus
- dualgais riaracháin.

### 2.5.1 Dualgais faoin Reachtaíocht

Tá dualgais áirithe a chuirtear ar an rúnaí cuideachta faoi Achtanna na gCuideachtaí. Is beag acu sin, áfach, ar ar an rúnaí amháin atá freagracht ina leith. Is tascanna iad a bhféadfadh (nó a gceanglaítear) go ndéanfadh an rúnaí agus stiúrthóir de chuid na cuideachta iad. Áirítear orthu sin:

---

7 Alt 131 Acht na gCuideachtaí.
8 Alt 132 Acht na gCuideachtaí.
9 Alt 838 Acht na gCuideachtaí.
10 Alt 22(2) Acht na gCuideachtaí.
11 Alt 129 (3) Acht na gCuideachtaí.
12 Alt 226 (5) Acht na gCuideachtaí.
13 Alt 22(3)(c) Acht na gCuideachtaí.
14 Alt 22(2)(b) Acht na gCuideachtaí.

- an tuairisceán bliantúil a shíniú (nach mór a shíniú chomh maith ag stiúrthóir de chuid na cuideachta)[15]. Déileáiltear go mion leis an tuairisceán bliantúil i Leabhrán Eolais 1 – An Chuideachta;
- deimhniú a thabhairt gur cóipeanna dílse de na leaganacha bunúsacha na ráitis airgeadais atá i gceangal leis an tuairisceán bliantúil[16];
- an ráiteas maidir le cúrsaí a dhréachtadh i gcás cuideachta a fhoirceannadh nó a chur faoi lámh glacadóra[17] (féach Leabhrán Eolais 7 ina bpléitear le leachtú agus glacadóireacht);
- an fhoirm iarratais ábhartha, ráiteas faoi chomhlíontas san áireamh, a shíniú chun cuideachta a athchlárú mar chineál éagsúil cuideachta, mar shampla, cuideachta phríobháideach theoranta a athrú go dtí cuideachta phoiblí theoranta[18];
- an dearbhú reachtúil a dhéanamh atá riachtanach i gcás cuideachta poiblí teoranta sular féidir dul i mbun an ghnó[19].

Leagtar de dhualgas go hindíreach ar an rúnaí cuideachta, ina (h)oifigeach de chuid na cuideachta dó nó di, coinníollacha a chomhlíonadh a leagtar ar an gcuideachta faoi Acht na gCuideachtaí[20]. Tá rúnaí cuideachta ag mainneachtain sa chás go n-údaraíonn nó go gceadaíonn sé nó sí do mhainneachtain tarlú atá ina shárú ar a c(h)uid dualgais mar rúnaí. Sa chás go ndéanann rúnaí, i gcomhlíonadh airbheartaithe fhoráil ar bith de chuid Acht na gCuideachtaí, ceist a fhreagairt, ráiteas a agairt, doiciméad a chur ar fáil, agus fios aige nó aici an freagra, ráiteas nó doiciméad a bheith bréagach, nó sa chás go mbítear meargánta i mbun dualgais, tá Acht na gCuideachtaí á shárú aige nó aici.

### 2.5.2 Dualgas maidir le Nochtadh

Tá dlite ar an rúnaí eolas áirithe a fhoilsiú lena lua ar Chlár na Stiúrthóirí agus na Rúnaithe agus ar Chlár Leasanna na Stiúrthóirí agus na Rúnaithe. Is é an t-eolas nach mór a chur in iúl:

*Sa chás gur duine aonair an rúnaí*

- ainm;
- seoladh baile;
- dáta breithe.

*Sa chás gur comhlacht corpraithe an rúnaí*

- ainm na corparáide;
- oifig chláraithe na corparáide;
- an uimhir chlárúcháin agus an tír ina bhfuil sí cláraithe.

Tá de dhualgas ar rúnaí cuideachta aon leas atá ag an rúnaí i scaireanna nó i mbintiúir de chuid na cuideachta nó de chuid chomhlacht corpraithe ar bith eile in aon ghrúpa léi[21] a chur in iúl don chuideachta i scríbhinn chomh maith le haon bheart ceannacháin nó díolacháin maidir le scaireanna nó bintiúir den sórt sin.

---

15 Alt 343 Acht na gCuideachtaí.
16 Alt 347 Acht na gCuideachtaí.
17 Alt 593 Acht na gCuideachtaí.
18 Alt 1285 Acht na gCuideachtaí.
19 Alt 1010(3) Acht na gCuideachtaí.
20 Altanna 270 agus 271 Acht na gCuideachtaí.
21 Alt 261-263 Acht na gCuideachtaí.

### 2.5.3 An Dualgas Feidhmiú leis an gCúram Cuí, an Scil Chuí agus an Dúthracht Chuí

Tá de dhualgas ar rúnaí cuideachta feidhmiú leis an gcúram cuí, an scil chuí agus an dúthracht chuí i mbun a c(h)uid dualgais. Is féidir an rúnaí a chur faoi dhliteanas maidir le haon chaillteanas a eascraíonn as faillí de chuid an rúnaí. Ní gá, ina ainneoin sin, go léireodh an rúnaí leibhéal scile níos inniúla ná mar a d'fhéadfadh le réasún súil a bheith leis ó dhuine ag a mbeadh eolas agus taithí ar an leibhéal atá ag an rúnaí.

### 2.5.4 Dualgais Riaracháin

De bhreis ar a leagtar de dhualgas ar an rúnaí cuideachta go sonrach faoin reachtaíocht, is féidir dualgais riaracháin den tábhacht a leagan ar an rúnaí freisin, ag brath ar chineál agus ar mhéid na cuideachta. D'fhéadfadh go mbeadh san áireamh leo sin, mar shampla:

- miontuairiscí na cuideachta a choimeád thar ceann na stiúrthóirí, i ndáil le cruinnithe boird, cruinnithe d'fhochoistí an bhoird (má thagann i gceist) agus cruinnithe ginearálta;
- cláir na cuideachta[22] a choimeád thar ceann na stiúrthóirí agus a gcur ar fáil lena scrúdú, lena n-áirítear *inter alia*:
  - clár na gcomhaltaí[23];
  - clár na stiúrthóirí agus na rúnaithe[24];
  - clár leasanna na stiúrthóirí agus na rúnaithe[25];
  - clár na mbintiúrach[26];
- deimhin a dhéanamh de go ndéantar doiciméid, mar shampla tuairisceán bliantúil agus tuairisceáin eile de chuid na cuideachta (féach roinn 2.6) a chur faoi bhráid Chláraitheoir na gCuideachtaí laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha síos;
- cumarsáid a dhéanamh le comhaltaí na cuideachta, mar shampla, fógra a thabhairt do na comhaltaí faoi chruinnithe na cuideachta, sonraí faoi rúin atá beartaithe a phlé ag cruinnithe, cóipeanna de na ráitis airgeadais bhliantúla a scaipeadh orthu, etc.;
- cóipeanna a chur ar fáil de na rúin speisialta agus de rúin áirithe eile arna rith ag an gcuideachta;
- fógraí reachtúla a fhoilsiú, mar shampla, i nuachtáin náisiúnta de réir mar is gá;
- aistriú scaireanna a riar;
- cúnamh taca maidir le cúrsaí dlí agus riaracháin a chur ar fáil do na stiúrthóirí;
- deimhin a dhéanamh de go ndéantar cinntí an bhoird a chur in iúl go cuí;
- séala na cuideachta a choimeád. Ní foláir de ghnáth séala na cuideachta, ar a bhfuil ainm na cuideachta, a chur le doiciméid thábhachtacha dlí arna bhforghníomhú ag an gcuideachta;
- deimhin a dhéanamh de go bhfuil gach dualgas atá ar an gcuideachta i ndáil le hainm na cuideachta á chomhlíonadh. Éilítear ar gach cuideachta a hainm, i litreacha soléite, a phéinteáil nó a fheistiú in ionad feiceálach taobh amuigh de gach áit ina mbíonn gnó na cuideachta á sheoladh[27];

---

[22] Alt 216 Acht na gCuideachtaí.
[23] Alt 169 Acht na gCuideachtaí.
[24] Alt 149 Acht na gCuideachtaí.
[25] Alt 267 Acht na gCuideachtaí.
[26] Alt 267 Acht na gCuideachtaí.
[27] Alt 49 Acht na gCuideachtaí.

- deimhin a dhéanamh de go bhfuil na sonraí cuí ar cheann litreach na cuideachta. Éilítear ainmneacha na stiúrthóirí, agus náisiúntacht na stiúrthóirí nach Éireannaigh iad, a bheith ar an gceann litreach ag gach cuideachta[28].

Ag brath ar chineál agus ar mhéid na cuideachta, is féidir leis na stiúthóirí a thabhairt de chumhacht agus/nó d'údarás do rúnaí na cuideachta beartaíocht eile a dhéanamh, mar shampla:

- mionnscríbhinní (doiciméid dlí) a mhionnú;
- seiceanna a shíniú;
- maoirseacht a dhéanamh i ndáil leis an bpost isteach agus amach;
- cuntais a ullmhú;
- leabhair agus taifid na cuideachta a choimeád;
- daoine a chur faoi agallamh maidir le poist agus ceapacháin a cheadú.

## 2.6 Eolas Breise

Tá bileog eolais foilsithe ag Cláraitheoir na gCuideachtaí (Bileog Uimh. 16) dar teideal 'An Rúnaí Cuideachta'. Tá an bhileog sin ar fáil ón láithreán gréasáin atá ag an gCláraitheoir. Is féidir í a thapú ag *http://www.cro.ie* agus tugtar sonraí níos mine inti ar a leagtar de dhualgas ar an rúnaí cuideachta, lena n-áirítear:

- liosta cuimsitheach de na tuairisceáin agus de na doiciméid a n-éilítear a gclárú le Cláraitheoir na gCuideachtaí agus na cúinsí ina bhfuil dlite iad a chlárú;
- sonraí faoi na teorainneacha ama atá i gceist le gach ceann de na tuairisceáin agus de na doiciméid thuas a chur faoi bhráid;
- liosta de na hearráidí is minice a tharlaíonn sna tuairisceáin a chuirtear faoi bhráid an Chláraitheora, agus;
- liosta de na rúin de bhreis ar rúin speisialta nach mór iad a chur ar chomhad leis an gCláraitheoir.

## 2.7 Cumhachtaí an Rúnaí Cuideachta

Tá d'údarás ag an Rúnaí Cuideachta conradh a nascadh a bhaineann lena réimse inniúlachta, mar shampla, gnáthchúrsaí riaracháin na cuideachta ó lá go lá. Anuas air sin, má bhaineann an beart le gnáthréimse údaráis an rúnaí, is féidir le rúnaí cuideachta, le húdarás dealraitheach (*ostensible authority*), ceangal a chur ar chuideachta, fiú sa chás nach raibh, mar a tharlaíonn, aon údarás leis an ngníomh ag an rúnaí. Taobh amuigh de na gnáthréimsí údaráis ag rúnaí cuideachta, níl d'údarás ag rúnaí cuideachta conradh a cheangal mura mbíonn údarás faoi leith tugtha chuige sin go sonrach ag na stiúrthóirí.

---

[28] Alt151 Acht na gCuideachtaí.

